ESB NETWORKS

# TIONSCADAL DHAINGEAN UÍ CHÚIS ESB NETWORKS

Trí bliana, go leor trialacha, gníomhartha nuálacha, aon phobal amháin.

Tá Tionscadal Dhaingean Uí Chúis ESB Networks ag féachaint ar thionchar teicneolaíochtaí nua ísealcharbóin ar an líonra leictreachais, ar ar féidir linn a dhéanamh leo agus ar conas a bheimid in ann an t-aistriú fuinnimh seo a chumasú do gach custaiméir.

Buaicphointí an Tionscadail.

## 35 RANNPHÁIRTÍ SA TRIAIL PHOBAIL

**Faoi Thionscadal Dhaingean Uí Chúis**, tugadh pobal ambasadóirí díograiseacha le chéile agus cuireadh raon teicneolaíochtaí ar fáil dóibh d'fhonn cabhrú leo lorg carbóin a laghdú trí shraith trialacha nuálacha.

Sin **3 GHLÚIN** de mhuintir Dhaingean Uí Chúis ag cur le chéile chun difríocht a dhéanamh.

**Múinteoirí, feirmeoirí, ealaíontóirí, úinéirí tithe tábhairne agus bialann,** níl ansin ach sampla de na daoine a bhí páirteach.



## 5 FHOIRGNEAMH TAISPEÁNA

Labhraíonn 5 Ambasadóir de chuid an Tionscadail faoin taithí a fuair siad ar an iarfheistiú domhain agus faoi conas a oibríonn sraith iomlán na dteicneolaíochtaí ísealcharbóin atá acu ina dtithe agus ina ngnólachtaí.

- **Iarfheistiú domhain** tithe agus gnólachtaí
- **Córais Fhótavoltacha**
- **Córais Stórála** Fuinnimh Ceallraí
- **Teaschaidéil Aerfhoinse**
- **Feithiclí Leictreacha** agus **Luchtairí Cliste d'Fheithiclí Leictreacha**
- **Gléasanna Monatóireachta Fuinnimh Tí**

## 15 FHEITHICIL LEICTREACHA AR AN MBÓTHAR

Ghlac Ambasadóirí nósanna cliste luchtaithe chucu féin go tapa, agus choinnigh ESB Networks súil ar an tionchar a bhí ag na hathruithe ar an líonra leictreachais fad agus a bhí an triail 12 mhí seo ar siúl.

Ina theannta sin, cuireadh 2 fheithicil leictreacha sa bhreis ar fáil ionas go bhféadfadh an pobal i gcoitinne triail a bhaint astu le chéile.

Tá breis is **362,529km** ciliméadar leictreach* curtha díobh ag ár nAmbasadóirí

**>59,300kWh** den luchtú déanta ag tithe na rannpháirtithe*

Chuir **25%** de na rannpháirtithe **> 30,000 km díobh sa bhliain***






Ambasadóirí ag ailíniú úsáid le **giniúint ghréine**

Soláthraíonn **Aip Mhóibíleachp** sonraí cabhracha

## 25 SUITEÁIL PAINÉAL FÓTAVOLTACH

Giniúint ghlan leictreachais in-athnuaite suiteáilte ar fud na leithinse, agus **80,138kWh d'fhuinneamh glan** táirgthe go dtí seo, rud arb ionann é agus sábháil **24,550kg de CO2e.***

*bunaithe ar fhachtóirí astaíochta SEAI maidir le CO2 in aghaidh an aonaid fuinnimh le haghaidh an Leictreachais in 2019, 2020 (amhail an 31.01.2022)

## 5 THEASCHAIDÉAL SUITEÁILTE

Ó ola go **córas teasa glan, ísealcharbóin.** Is féidir le hAmbasadóirí Tionscadail leas a bhaint as buntáistí an teasa leictrithe ina dtithe agus ina ngnólachtaí agus is féidir le ESB Networks tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a bhíonn ag leictriú an teasa ar ár líonra.



Faightear idir a 3 nó a 4 d'aonaid teasa in aghaidh an **aonaid leictreachais**

Níos fearr don chomhshaol ná líonra ola nó gáis

## NÍOS MÓ NÁ 100 GLÉAS LÍONRA CHUN IONTAOFACHT AN LÍONRA A FHEABHSÚ

Líonra níos athléimní

Tagann an chumhacht ar ais níos tapa tar éis gearrthacha

Cur isteach laghdaithe ar chustaiméirí

Tá raon gléasanna agus teicneolaíochtaí nua curtha isteach ar fud an líonra leictreachais d'fhonn lochtanna a laghdú agus iad a aimsiú níos tapúla, rud a chinntíonn gur féidir le gach custaiméir brath ar an soláthar.

## POBAL



**BREIS IS 40** Imeacht Eolais Pobail i nDaingean Uí Chúis

Roinnt bealaí eolais ar fud an phobail

Teastaíonn ó Thionscadal Dhaingean Uí Chúis comhoibriú gníomhach le saoránaigh, gnólachtaí agus eagraíochtaí ar fud an phobail i gcoitinne.

Ó mhol nuálaíochta an réigiúin go dtí an raidió áitiúil, na meáin chlóite, scoileanna agus an earnáil oideachais 3ú leibhéal, iad go léir ag obair le chéile chun foghlaim agus léargais a roinnt le chéile.

Faigh tuilleadh eolais faoi Thionscadal Dhaingean Uí Chúis ag

www.esbnetworks.ie/dingleproject